# CEARDLANN 4

Nótaí do na sleamhnáin

## Sleamhnán 1

Cliceáil chun nótaí a chur leis seo

## Sleamhnán 2

Seo iad na hintinní foghlama don cheardlann seo

## Sleamhnán 3

Má bhíonn scoláirí in ann machnamh ar a gcuid foghlama féin agus páirt a ghlacadh i socrú spriocanna cabhróidh sé sin leo níos mó freagrachta a ghlacadh as a gcuid foghlama féin agus forbróidh sé an mothú iontu gur gníomhaithe iad agus is lú an seans go mothóidh siad go bhfuil an múinteoir freagrach as cé acu atá siad ag foghlaim nó nach bhfuil.

- Nuair a mhachnaíonn scoláirí ar a gcuid foghlama tuigeann siad de réir a chéile ní hamháin an chaoi a bhfuil a gcuid foghlama agus scileanna ag forbairt ach aithníonn siad freisin a láidreachtaí agus a laigí agus gnéithe atá le forbairt.
- Chomh maith leis sin nuair a mhachnaíonn siad ar a gcuid foghlama éiríonn siad níos fócasaithe agus níos inspreagtha ina gcuid oibre, ag cur lena bhféinmheas agus iad ag machnamh ar na rudaí atá déanta go maith acu agus na rudaí is féidir leo a dhéanamh chun bisiú. Dá thoradh sin éiríonn scoláirí níos dearfaí faoina gcuid foghlama.
- Nuair a thugaimid na scileanna do scoláirí chun bheith ag breathnú go grinn agus go cruthaitheach ar a gcuid oibre féin agus obair daoine eile, forbraíonn siad ciall do cháilíocht, tosaíonn siad ag aithint na ndea-thréithe i bpíosa oibre. Feiceann siad réimsí inar féidir leo féin feabhsú trí na réimsí céanna a fheiceáil in obair daoine eile. Tríd an anailís seo ar a gcuid oibre féin agus obair daoine eile is féidir leo cur lena dtuiscint ar an ábhar atá ar bun acu, ach tugann sé scileanna dóibh is féidir leo a úsáid ar feadh a saoil i mórán comhthéacsanna eile. De réir mar a fhorbraíonn scoláirí an scil chun machnamh ar a gcuid foghlama beidh siad ag forbairt réimse de Phriomhscileanna na Sraithe Sóisearaí – Mé

félin a bhainistiú, Cumarsáid a Dhéanamh, Obair le daoine eile, agus Eolas agus smaointeoireacht a bhainistiú.

(féach Uirlis Úsáide Príomhscileanna ag www.juniorcycle.ie)

Sleamhnán 4

Labhraíonn roinnt saineolaithe oideachais faoina thábhachtaí atá sé scileanna meiteachognaíochta scoláirí a fhorbairt. Sa sliocht seo feicimid go bhfuil Stobart agus Gibbs den bharúil nuair a fhorbraíonn scoláirí an cleachtas seo gur mó an seans go bhfanfaidh siad inspreagtha. Labhraíonn Dylan Wiliam faoi fhoghlaim conas foghlaim a bheith ar an scil is tábhachtaí sa 21ú céad.

Sleamhnán 5

I dtús báire, tabhair spléachadh ar an sliocht seo ag Ian Smith. Mar mhúinteoir, ní féidir leatsa an machnamh a dhéanamh don scoláire... níl maith duit fios a bheith agat cad iad na chéad chéimeanna eile ag an scoláire – ní mór don scoláire féin freagracht a ghlacadh.

Is é an cuspóir atá ann na scoláirí a bheith páirteach a oiread agus is féidir san anailís agus i léirmheastóireacht chruthaitheach ar an obair. Ní fúinn féin atá sé uile – baineann sé le freagracht a chomhroinnt.

Sleamhnán 6

- Nuair a chuireann tú ar chumas scoláirí piarmheasúnú a thabhairt, bíonn an chumarsáid idir scoláirí ina dteanga féin, rud a d'fheabhsódh a dtuiscint ar láidreachtaí agus laigí a gcuid oibre. Ina theannta sin, is minic a ghlacfaidh scoláirí le cáineadh scoláire ar a gcuid oibre óna chéile, rud a bheadh ní ba dheacra a dhéanamh dá mbeadh an múinteoir ag cáineadh.
- Is féidir freisin go neartóidh piarmheasúnú guth an scoláire i do rang agus is féidir go gcuirfidh sé feabhas ar an gcumarsáid idir tú féin agus do scoláirí faoina gcuid foghlama.
- Agus ar deireadh, trína gcuid oibre le páirtí nó a ngrúpobair, is féidir le scoláirí aiseolas luachmhar a thabhairt dá chéile. Go minic, nuair a bhíonn ag éirí leis an bpróiseas seo, bíonn an t-aiseolas níos cuidiúla ná an t-aiseolas ón múinteoir, nó cuireann sé ar a gcumas foghlaim óna

chéile agus tacú lena chéile. Mar gheall ar an deis a bhíonn acu rudaí a phlé agus a mhíniú le chéile agus dúshlán a chéile a thabhairt bíonn siad in ann níos mó a bhaint amach ná a bheadh siad gan chuidiú. Dá thoradh sin bíonn siad in ann na chéad chéimeanna eile ina gcuid foghlama a phleanáil – Anois tá a fhios agam cad é a chaithfidh mé a fheabhsú an chéad uair eile.

Sleamhnán 7

Is tábhachtach freisin a chuimhneamh agus a shoiléiriú do scoláirí go bhfuil níos mó ná ceartú i gceist le measúnú.

Tacaíonn an sliocht ag Black agus Wiliam leis sin. Tá níos mó i gceist le piarmheasúnú ná botúin a lorg srl.

Tá na rudaí a leanas i gceist.

- tabhairt ar scoláirí páirt ghníomhach a ghlacadh san obair
- eolas a thabhairt dóibh faoi na rudaí atá déanta go maith acu agus rudaí atá le feabhsú
- cabhrú leo comhairle a thabhairt dá chéile faoin **mbealach** le feabhsú, seachas go díreach tic a chur leis na rudaí a bhí ceart acu.

Sleamhnán 8

Féach na Pléchártaí ag deireadh Leabhrán 4 chun tuilleadh smaointe a fháil ar an mbealach is féidir leat cabhrú le machnamh scoláirí sa seomra ranga.

Sleamhnán 9

Cliceáil chun nótaí  a chur leis seo.

Sleamhnán 10

Léaráid

What >Cad é?

So what? > Cad chuige?

Now what? > Cad é anois?

Molann Rolfe, Freshwater agus Jesper (2001) trí cheist shimplí a úsáid nuair a bhítear ag machnamh ar an bhfoghlaim: Cad é? Cad chuige? Cad é anois?

**Cad é?**: Cad é atá foghlamtha agam?

**Cad chuige?**: Cad é a insíonn sé sin dom faoi mo láidreachtaí agus na rudaí nach dtuigim i gceart?

**Cad é anois?**: Cad é is féidir liom a dhéanamh chun go dtuigfidh mé níos fearr? Cad iad na chéad chéimeanna eile agam? Cad iad na spriocanna agus na cuspóirí atá agam chun bogadh chun tosaigh?

Déan seiceáil ar **Uirlis Úsáide Príomhscileanna Mé Féin a Bhainistiú** Leathanach 16 –'Spriocanna a leagan síos le haghaidh mo chuid foghlama'. Gheobhaidh tú é sin ag an nasc seo http://juniorcycle.ie/NCCA Junior Cycle/ media/NCCCA/Documents/Key/Managing Myself toolkit July 2013 pdf

Sleamhnán 11

- Chun go mbeidh piarmheasúnú agus féinmheasúnú go héifeachtach, ní mór do scoláirí fios a bheith acu ón tús cad é air a bhfuil siad ag dul a bheith ag tabhairt breithiúnais. Tugann sé sin siar muid go dtí an chloch choirnéil –intinní soiléire foghlama agus critéir ratha a chomhroinnt
- Go dtí go mbeidh scoláirí cumasach i bpróiseas an mheasúnaithe, ní mór duit an próiseas a léiriú dóibh. Beidh cleachtadh de dhíth ar do chuid scoláirí ar phiarmheasúnú sula gcuirfidh siad lena muinín agus iad ag measúnú oibre. Bealach amháin chun na scileanna sin a chothú is ea píosa oibre (ó bhliainghrúpa eile nó ó scoláire anaithnid) a phlé. Le chéile, aibhsígí láidreachtaí na hoibre, sonraígí gnéithe atá le feabhsú, agus molaigí/ comhaontaígí bealaí is féidir an píosa a fheabhsú.
- Agus ar deireadh, is tábhachtach go gcothóimid an t-atmaisféar ceart. Mar chuid de sin, oscailteacht a chothú faoi fhoghlaim ónár gcuid botún. Ní mór do na scoláirí a fheiceáil gur cuid riachtanach den fhoghlaim iad na botúin. I seomra ranga ina mbíonn éiteas comhurraime agus ina mbíonn scoláirí agus an múinteoir araon ag caint ar an bhfoghlaim, is féidir le scoláirí aiseolas cruthaitheach a

thabhairt dá chéile. Ciallaíonn an t-atmaisféar ceart a chothú go gcaithfimid ionchais a leagan síos faoi ghrúpobair agus obair i bpéirí. Ní mór dúinn treoir a thabhairt do scoláirí faoin iompar a cheapaimid ba chóir a bheith acu maidir le grúpobair agus obair i bpéirí. Mar chuid de sin, mar shampla, bheadh éisteacht le daoine eile agus sealanna a ghlacadh i gceist.

Sleamhnán 12

Uaireanta is deacra ag scoláirí an scil a fhorbairt **conas** a d'fhoghlaim siad ná an **rud** atá foghlamtha acu nó curtha i gcrích a mheas. Tá an dá rud tábhachtach. Is minic a bhíonn freagraí ó bhéal níos fusa ná machnamh scríofa, rud atá níos troime uaireanta. Is féidir measúnú a spreagadh trí sheisiún gairid iomlánach ag tús na foghlama, lena linn nó ag a deireadh.

Is féidir leat leideanna a úsáid le cabhrú leis an bpróiseas. Cabhraíonn leideanna freisin nuair a bhíonn tú ag spreagadh scoláirí chun a logaí foghlama féin a chríochnú nó a chaomhnú. Agus tú ag cumadh leideanna is fiú smaoineamh ar na teicnící éifeachtacha ceistiúcháin san aonad roimhe seo.

Sleamhnán 13

Sin deireadh leis an intreoir ar chabhrú le scoláirí machnamh ar a gcuid foghlama

Sleamhnán 14

Tá tú anois réidh chun na hábhair cheardlainne i leabhrán 04 a úsáid áit a bhfaighidh tú mórán smaointe praiticiúla ar conas cabhrú le scoláirí na scileanna a fhorbairt chun machnamh ar a gcuid foghlama.